

Cabhrú le do pháiste foghlaim faoi thoiliú

Foghlaim faoi thoiliú mar chuid d'Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

Is é ceann de na hábhair a bhfoghlaímíonn do pháiste faoi ar scoil ná Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS). Le linn ranganna OSPS, foghlaimeoidh do pháiste faoi thoiliú. Is éard a chuimsíonn toiliú ná conas is féidir le páiste:

- toiliú a thabhairt nó a dhiúltú
- tuiscint a bheith aige/aici nuair atá duine eile ag tabhairt toilithe nó á dhiúltú.

Cén fáth a gcaithfidh do pháiste foghlaim faoi thoiliú

Caithfidh do pháiste toiliú a thuiscint toisc go gcabhróidh sé leis/léi:

- caidrimh shláintiúla agus mheasúla a chruthú
- é/í a chosaint ó dhochar
- caidrimh mhaithe a bheith aige/aici níos déanaí sa saol.

Is féidir leat cabhrú le do pháiste freisin

Tugann an cháipéis seo comhairle phraiticiúil duit faoi conas is féidir tacú le foghlaim do pháiste faoi thoiliú

Céard is toiliú ann?

Is éard is toiliú ann:

- nuair a iarrann muid cead chun rud éigin a dhéanamh
- nuair a aontaímid le rud éigin a dhéanamh

Le toiliú, caithfidh daoine meas a bheith acu ar a chéile agus dea-chumarsáid a chleachtadh.

Agus é/í ag foghlaim faoi thoiliú, foghlaimeoidh do pháiste faoi na teorainneacha atá:

- atá aige/aici féin
- ag daoine eile.

Má thuigeann do pháiste coincheap an toilithe, beidh sé/sí níos fearr in ann:

- imeacht ó chásanna ina mothaíonn sé/sí míchompordach
- meas a bheith aige/aici ar dhaoine nuair atá siadsan ag iarraidh an rud céanna a dhéanamh.

Bíonn tuiscint ag páistí ar thoiliú agus iad óg. Faoin am a thosaíonn siad sna Naíonáin Shóisearacha, beidh tuiscint cheana féin ag an gcuid is mó de pháistí ar a lán de na bunphrionsabail a bhaineann le toiliú.

Má thuigeann do pháiste toiliú agus é/í ina p(h)áiste, tá seans níos mó ann go dtuigfidh sé/sí toiliú gnéis níos déanaí sa saol.

Conas is féidir liom tacú le tuiscint mo pháiste ar thoiliú?

Cé go múintear toiliú ar scoil, is trína n-idirghníomhaíochtaí laethúil leis na daoine timpeall orthu, go háirithe sa bhaile, a fhoghlaímíonn páistí faoi thoiliú.

Seo roinnt bealaí is féidir leat tacú le tuiscint do pháiste ar thoiliú.

Helping your child to learn about consent

Mínigh céard is brí le toiliú

Úsáid Samplaí

Labhair le do pháiste faoin mbrí atá le toiliú. Bain úsáid as samplaí óna s(h)aol ina gcaithfidh sé/sí toiliú a lorg nó a thabhairt. Mar shampla, seans go gcaithfidh sé/sí toiliú a lorg chun dul amach le haghaidh spraoi.

Déan tagairt do scéalta

Féadfaidh leabhair phictiúr a bheith ina mbealaí iontacha chun coincheapa móra a fhiosrú le páistí óga. Seans go bhfuil leabhair sa bhaile agat cheana féin ar féidir leat úsáid a bhaint astu.

Mar shampla, 'Cinnín Óir agus na Trí Bhéar'. Ar lorg sí cead sular chuir sí lámh ar rudaí ar le daoine eile iad?

Bain úsáid as leabhair do pháistí a mhíníonn toiliú

Pléann leabhair phictiúr eile go sonrach leis an toiliú, mar shampla 'Let's Talk about Body Boundaries, Consent and Respect', le Jayneed Sanders.

Cruthaigh bealach soiléir chun labhairt faoi thoiliú

Caithfidh páistí a bheith in ann na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- toiliú a lorg
- toiliú a thabhairt
- toiliú a dhiúltú.

Tabhair samplaí do do pháiste

Tabhair na focail atá de dhíth ar do pháiste dó/di. Déan cleachtadh ar abairtí cosúil leis an méid seo a leanas:

“An féidir liom?”

“Is féidir”

“Ní féidir, ní maith liom é nuair a... tú”

“Nílím uaim go... tú”

“Le do thoil, ná cuir lámh orm...”

Tá sé tábhachtach freisin gur féidir le do pháiste baill dá c(h)orp a ainmniú. Caithfidh sé/sí a bheith eolach ar an teanga chuí ar féidir leis/léi a úsáid chun toiliú a dhiúltú nó a chur in iúl, mar shampla:

“Nílím uaim go gcuirfidh tú lámh ar mo lámh.”

Cabhróidh seo le do pháiste labhairt go hoscailte agus go soiléir faoi na rudaí a dtugann sé/sí toiliú dóibh agus na rudaí nach dtugann sé/sí toiliú dóibh.

San acmhainn seo a leanas tá na hainmneacha cearta do na baill choirp agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chabhair duit:

www.sexualwellbeing.ie/for-parents/sample-questions-and-answers/

Labhairt faoi féinriar coirp agus teorainneacha coirp

Smacht ar a gcorp féin

Ciallaíonn féinriar coirp go bhfuil smacht agat ar an méid a tharlaíonn le do chorp, agus áirítear cé hiad na daoine a bhfuil cead acu lámh a chur air. Áirítear leis so cé hiad na daoine a bhfuil cead acu lámh a chur air

Teorainn phearsanta

Labhair le do pháiste faoi na teorainneacha pearsanta atá aige/aici féin. D'fhéadfá seo a dhéanamh trí labhairt le do pháiste faoi na rudaí a thaitníonn leis/léi agus na rudaí nach dtaitníonn leis/léi ó thaobh teagmháil fhisciúil de.

Mar shampla, cé gur maith leis/léi barróga a thabhairt dá t(h)uismitheoirí seans nach maith leis/léi barróg a thabhairt do dhuine éigin a bhfuil níos lú aithne aige/uirthi air.

Teorainneacha pearsanta atá ag daoine eile

Tá sé tábhachtach freisin go spreagann tú do pháiste meas a bheith aige/aici ar na teorainneacha atá ag daoine eile. Is túsphointe éasca é spreagadh a thabhairt do pháistí cead a lorg sula gcuireann siad lámh ar dhuine eile, mar shampla:

Helping your child to learn about consent

“An féidir liom greim a bhreith ar do lámh?”

Ba cheart dó/di freisin meas ar a bheith ar dhuine eile nuair a dhiúltaíonn siad an cead a thabhairt dó/di.

Mothúcháin do pháiste a aithint agus a fhreagairt

Do do pháiste, is cuid thábhachtach de thoiliú a m(h)othúcháin agus mothúcháin daoine eile a thuiscint. Cabhraíonn sé le do pháiste míniú a thabhairt ar a ndeir sé/sí, mar shampla:

“Tá uaim go stopfaidh tú ag baint le mo lámh, cuireann sé eagla orm agus ní maith liom é.”

Éist le do pháiste agus tabhair deiseanna dó/di a c(h)uid m(h)othúchán a chur in iúl.

Is minic a thugann tuismitheoirí díspregadh do pháistí na mothúcháin seo a leanas a chur in iúl:

- brón
- fearg
- míshuaimhneas.

Ach má fhoghlaimíonn do pháiste conas mothúcháin a aithint, is féidir sin a bheith ina chabhair dóibh agus é/í ag míniú go bhfuil sé/sí gortaithe. Freisin, cabhraíonn sé leis/léi na mothúcháin chéanna a aithint i bpáistí eile nuair a chuireann na rudaí eile míchompord ar dhaoine eile.

Tá tábhacht leis an méid a bhraitear sa chroí istigh

Labhair le do pháiste faoina ‘mothúcháin a bhraitheann siad sa chroí istigh nó faoina ‘n-instinní nádúrtha’. Is minic a bhíonn na mothúcháin seo ag páistí nuair a bhíonn siad i gcásanna a chuireann na mothúcháin seo a leanas orthu:

- míshuaimhneas
- eagla
- míchompord.

Seans nach bhfuil a fhios aige/aici cén fáth a mothaíonn sé/sí mar seo.

Abair le do pháiste go mbíonn na mothúcháin seo ceart uaireanta. Inis dó/di, má mhothaíonn siad mar sin, is féidir leis/leí:

- ‘éirigh as’ a rá
- imeacht ón gcás
- dul agus cabhair a lorg ó dhuine a bhfuil muinín aige/aici as.

Spreag do pháiste gothaí gnúise agus comharthaíocht coirp a léamh

Beidh sé éasca do roinnt páistí gothaí gnúise agus comharthaíocht coirp a léamh. Ach seans go dteastóidh roinnt ama agus cabhrach ó pháistí eile chun sin a dhéanamh.

Féadfaidh cluichí meastacháin le gothaí gnúise agus le comharthaíocht coirp a bheith ina slite iontacha múinte do pháistí conas comharthaíocht coirp a aithint.

Seans go mbeidh ort cabhrú nuair atá do pháiste ag easaontú le páiste eile. Glac roinnt ama na gothaí gnúise agus an chomharthaíocht coirp a léiríonn duit go bhfuil an páiste trína chéile a mhíniú:

“Feicim go bhfuil Mary trína céile toisc go bhfuil grainc uirthi agus deora lena súile.”

Má deir tú seo os ard, beidh do pháiste in ann aird a thabhairt ar an gcaoi a gcabhraíonn comharthaíocht coirp linn tuiscint a fháil ar na mothúcháin atá duine eile ag iarraidh a chur in iúl.

Labhair le do pháiste conas mar a bhíonn tionchar ag a (h)iompar ar dhaoine eile

Mínigh gur féidir lenár ngníomhartha agus lenár mbriathra tionchar a imirt ar dhaoine eile. Má bhíonn muid feasach ar an gcaoi a dtéann muid i bhfeidhm ar dhaoine, tá seans níos mó ann go dtuigfidh muid cé acu an bhfuil duine ag tabhairt nó ag diúltú toilithe.

Helping your child to learn about consent

Fiosraigh an chaoi a dtéann carachtair i bhfeidhm ar a chéile agus tú ag léamh scéalta agus ag féachaint ar scannáin. Mar shampla, conas a théann an Mac Tíre Mór Mailíseach i bhfeidhm ar na Trí Mhuca Bheaga?

I gcás páistí atá níos sine, léigh leaganacha éagsúla de scéalta atá scríofa ó pheirspictíocht carachtair eile. Is féidir aird a tharraingt ar conas is féidir le daoine éagsúla tuiscintí éagsúla a bheith acu ar rudaí. Léiríonn sé freisin a thábhachtaí is atá sé stopadh agus smaoineamh ar chás ó pheirspictíocht an duine eile.

Cabhraigh le do pháiste scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt

Cabhraíonn scileanna smaointeoireachta criticiúla le do pháiste cásanna san fhíorshaol a mheas agus cinntí maith faoi thoiliú a dhéanamh.

Is féidir cabhrú le do pháiste scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt trí chásanna éagsúla a phlé. Seans go mbeidh sé cabhrach úsáid a bhaint as scéalta nó físeáin ina léirítear samplaí de chásanna ina bhfuil gá le thoiliú.

I gcásanna ina saol féin, má dhéanann do pháiste droch-chinneadh maidir le thoiliú iarr air/uirthi 'dul siar'. Iarr air/uirthi machnamh a dhéanamh ar an gcaoi arbh féidir leis/léi an cás a láimhseáil ar bhealach níos fearr nó ar na rudaí difriúla a dhéanfadh sé/sí an chéad uair eile.

I gcás páistí atá níos sine, déan machnamh ar shampla ina bhfuil sé deacair do dhuine thoiliú a thabhairt, mar shampla:

- an aois atá acu
- úsáid substaintí
- piarbhrú.

Bí i d'eiseamláir do do pháiste

Cabhraíonn sé má iompaíonn tú féin ar bhealach a thugann sampla maith de thoiliú do do pháiste. Is féidir

leat é seo a dhéanamh trí na rudaí seo a leanas:

- deis a thabhairt do do pháiste roghanna a dhéanamh
- meas a léiriú ar a roghanna faoina c(h)orp.

Cabhróidh sé seo leis na páistí tuiscint go bhfuil a g(h)uth agus a t(h)uairim tábhachtach. Tá a fhios acu go n-éistfear leis/léi agus go ngníomhóidh tú dá réir.

Céard is brí le thoiliú gnéis?

Is éard is brí le thoiliú gnéis ná go bhfuil tuiscint ag an mbeirt atá i mbun gníomhaíocht gnéis ar an ngníomh agus go dtugann siad beirt thoiliú leis.

Caithefear thoiliú a thabhairt gach uair a théann daoine i mbun gnéis lena chéile.

Fiú, má thoilleanann duine le gníomh gnéis, tá saoirse aige/aici a (h)intinn a athrú:

- roimh an ngníomh
- ag aon am sula gcuirtear críoch leis.

Caithfidh tú a bheith 17 mbliana d'aois ar a laghad chun thoiliú a thabhairt

Tugann an dlí cosaint do dhaoine i gcásanna áirithe, a mheastar nach bhfuil sé/sí in ann thoiliú a thabhairt, fiú más rud é gur chuir sé/sí thoiliú in iúl.

Ba cheart tús a chur le ceachtanna agus comhráite ar thoiliú gnéis le míniú gurb é 17 mbliana d'aois an aois toilithe in Éirinn. Chun duine óg a chosaint ó bhrú gnéas a bheith acu, deir an dlí gur coir é d'aon duine gnéas a bheith acu le duine níos óige na 17 mbliana d'aois.

Ciallaíonn seo nach bhfuil páistí faoi bhun 17, de réir an dlí, aosta go leor chun aontú le (nó chun thoiliú a thabhairt) gnéas a bheith acu.

Helping your child to learn about consent

Tá tuilleadh eolais faoi thoiliú gnéis agus an dlí ar fáil anseo:

www.sexualwellbeing.ie/sexual-health/sexual-consent/sexual-consent/

An bhfoghlaiméidh mo pháiste faoi thoiliú gnéis?

Sa churaclam OSPS le haghaidh rang a cúig agus rang a sé, foghlaimíonn páistí faoi:

- caidreamh collaí
- giniúint (nascadh uibhe agus speirm)
- breith.

Mínítear seo dóibh i gcomhthéacs caidrimh atá seasta agus grámhar (Curaclam OSPS, 1999, lch 58).

Foghlaimíonn siad freisin a thábhachtaí is atá sé cloí le rialacha sa tsochaí. Foghlaiméidh siad:

- tadhall mí-oiriúnach nó mí-shábháilte a aithint
- an rud gur cheart a dhéanamh má bhíonn siad i gcomhlúadar daoine a mbraitheann siad neamhshábháilte ina dteannta.

Pléann siad réimse leathan cásanna agus iompair baolacha agus déanann siad measúnú ar an gcaoi a bhféadfaí na rioscaí seo a sheachaint nó a íoslaghú.

Déanann siad plé agus bíonn meas acu ar an ról atá ag gach duine daoine eile a choimeád sábháilte.

Aithníonn siad cásanna ina bhféadfadh a ngníomhaíochtaí sábháilteacht daoine eile a chur i mbaol. (Curaclam OSPS, 1999a, lch. 59).

Is féidir go dtarraingeofar aird ar thoiliú, ach i roinnt cásanna toiliú gnéis nuair atá do pháiste ag foghlaim faoi na hábhair sin i rang a cúig agus a sé. Is é an príomhrud a ndíreofar isteach air, áfach, ná nach féidir le páistí faoi bhun 17 mbliana d'aois toiliú le gníomhaíocht gnéis.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi céard a mhúintear agus conas a mhúintear é, is féidir dul chuig suíomh gréasáin **Bí Sábháilte**.

Tá cuid sa **leabhrán uasdátaithe Aistear na nÓg** (2020, lch. 48) faoi thoiliú gnéis a chabhróidh leat agus tú ag caint le do pháiste faoi thoiliú gnéis. Nuair a bhogann do pháiste ar aghaidh go dtí an mheánscoil agus nuair a dhruideann sé/sí le haois toilithe gnéis, fiosrófar an t-ábhar seo ar bhealach níos mine.

Má bhíonn aon cheist agat faoi fhoghlaim do pháiste maidir le toiliú, ba cheart duit socrúchán a dhéanamh chun labhairt le múinteoir do pháiste.



Léitheoireacht Bhreise

- **Fíricí na beatha a mhíniú le himeacht ama seachas in aon chomhrá scáfar amháin-Toiliú**
- **Clár Aistear na nÓg**
- **Físeáin Busy Bodies**
- **Réamhrá maidir le toiliú**
- **Céard is brí le toiliú?**
- **Acmhainní Consent Matters**

Tagairtí

FSS. (2020). Aistear na nÓg - Leabhrán faoi chaithreachas agus ógántacht duitse agus do do thuismitheoirí. Ciarraí: Clár Sláinte Ghnéis agus Toirchis Géarchéime

CNCM. (1999a). Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

CNCM. (1999b). Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte – Treoirínte don Mhúinteoir. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.